# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht Fheidhmeach 2015

# Scéim Mharcála

# Gaeilge Chumarsáideach

# Comónta

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, 2015

# Gaeilge Chumarsáideach

(180 marc)

## Scéim Mharcála

**Don Fheitheoir**

| **Stampa an Ionaid** |
|---|
| |

**Don Scrúdaitheoir**

| | |
|---|---|
| Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. → | |
| **Nóta:** Caithfidh an marc thuas a bheith mar an gcéanna leis an marc **IOMLÁN** sa ghreille thíos. | |

## *Treoracha Ginearálta*

**1.** Scríobh do **scrúduimhir** sa spás seo: →

**2.** Scríobh na freagraí sa fhreagarleabhar seo.

Tá ceithre roinn sa pháipéar seo.
Caithfear gach ceist a fhreagairt.

**Roinn 1** **Cluastuiscint (75 marc)**
**Roinn 2** **Léamhthuiscint (30 marc)**
**Roinn 3** **Scríobh na Teanga (30 marc)**
**Roinn 4** **Taighde (45 marc)**

**Don Scrúdaitheoir**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | 30 |
| 2 | 13 |
| 3 | 32 |
| 4 | 15 |
| 5 | 15 |
| 6 | 15 |
| 7 | 15 |
| Taighde | 45 |
| IOMLÁN | 180 |

# Roinn 1 – **Cluastuiscint** [75 marc]


**30**

Éist go cúramach leis an taifeadadh. Cloisfidh tú an chaint **faoi dhó**.

## **CEIST 1** (30 marc)

Éist leis an taifeadadh agus cuir **A**, **B**, **C** nó **D** sa bhosca cuí.

### Píosa a hAon




**A**



**B**



**C**




**D**

Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? **B** = **[10 Marc]**

### Píosa a Dó




**A**



**B**



**C**



**D**

Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? **B** = **[10 Marc]**

### Píosa a Trí




**A**



**B**



**C**



**D**

Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? **C** = **[10 Marc]**

| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | |
|---|---|

**13**

## **CEIST 2** (13 mharc)

s an taifeadadh agus líon an fhoirm seo **i nGaeilge**.

# CLUB ÓIGE CHOIS LOCHA

## FOIRM IARRATAIS

| | | | |
|---|---|---|---|
| **SLOINNE:** | Ní Shé | X | = **[1 mharc]** |
| | Ní Shúilleabháin | | |
| | Ní Dhonncha | | |

**AINM**: ***<u>Róisín</u> (Ní Shé)*** = **[1 mharc]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **AOIS:** | 15 | | |
| | 16 | | |
| | 17 | X | = **[1 mharc]** |

**SEOLADH**: ***<u>2 Sráid Liam</u>,*** = **[2 mharc]**
***<u>Luimneach</u>***. = **[2 mharc]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **UIMHIR THEILEAFÓIN:** | 086 246 327 | X | = **[2 mharc]** |
| | 087 242 815 | | |
| | 086 384 262 | | |



| | | | |
|---|---|---|---|
| **DO ROGHA DHÁ SPÓRT:** | Snámh | | |
| | Eitpheil | X | = **[2 mharc]** |
| | Cispheil | | |
| | Leadóg | | |
| | Rothaíocht | X | = **[2 mharc]** |

32

# **CEIST 3** (32 marc)

a comhráite seo agus freagair na ceisteanna as **Gaeilge** *nó* as **Béarla**.

## Comhrá a hAon

**1.** Cá ndeachaigh Máire Dé Sathairn?

| | |
|---|---|
| Chuig Dioscó | |
| Chuig Scannán | |
| Chuig Cóisir | X |

= **[2 mharc]**

**2.** Cén aois a bhí Bríd?

***Bhí Bríd (16)(sé bliana déag) d'aois.*** = **[2 mharc]**

**3.** Cad a bhí ar siúl ag Áine an oíche ar fad?

***Bhí Áine ag damhsa an oíche ar fad.*** = **[2 mharc]**

**4.** Conas a tháinig Áine abhaile?

***Tháinig Áine abhaile i dtacsaí/tacsaí.*** = **[2 mharc]**

## Comhrá a Dó

**1.** Cá raibh an cluiche ar siúl?

***Bhí an cluiche ar siúl i bPáirc an Chrócaigh.*** = **[2 mharc]**

**2.** Conas a chuaigh Pádraig go dtí an cluiche?

***Chuaigh Pádraig go dtí an cluiche ar an bhus.*** = **[2 mharc]**

**3.** Cé a bhí ag imirt?

***Bhí Baile Átha Cliath agus Tiobraid Árann ag imirt.*** = **[2 mharc]**

**4.** Cé mhéad a chosain an ticéad?

***Chosain an ticéad deich euro.*** = **[2 mharc]**

## Comhrá a Trí

**1.** Cá raibh Máire ar saoire?

| | |
|---|---|
| San Iodáil | |
| Sa Tuirc | |
| Sa Fhrainc | X |

= **[2 mharc]**

**2.** Cá fhad a bhí Máire ar saoire?

***Bhí Máire ar saoire ar feadh coicíse.*** = **[2 mharc]**

**3.** Cá raibh Máire ag fanacht?

***Bhí Máire ag fanacht in óstán mór.*** = **[2 mharc]**

**4.** What facilities were in the college?

(a) ***Bhí seomra cluichí ann.* = [1 mharc]**

(b) ***Bhí bialann ann.* = [1 mharc]**

## Comhrá a Ceathair

**1.** Cad a tharla do Sheán?

***Bhuail carr é.*** = **[2 mharc]**

**2.** Cad a bhris Seán?

***Bhris Seán a chos.*** = **[2 mharc]**

**3.** Cé a tháinig go dtí an timpiste?

***Tháinig na Gardaí agus an t-otharcharr go dtí an timpiste.*** = **[2 mharc]**

**4.** Cad a bhí ar an tiománaí?

***Bhí brón mór air.*** = **[2 mharc]**

15

# Roinn 2 – **Léamhthuiscint** [30 marc]

**CEIST 4** (15 mharc)

Léigh an píosa seo agus freagair na ceisteanna as **Gaeilge** *nó* as **Béarla**.

## Brian Ó Drisceoil

| | |
|---|---|
| Rugadh Brian Ó Drisceoil i mBaile Átha Cliath in 1979. Nuair a bhí sé óg d'imir sé peil ghaelach agus sacar. Chuaigh sé go dtí an mheánscoil i gColáiste na Carraige Duibhe agus thosaigh sé ag imirt rugbaí.<br><br>Thosaigh Brian ag imirt do fhoireann idirnáisiúnta rugbaí na hÉireann in 1999. Bhí sé ina chaptaen ar an bhfoireann sin ó 2003 go dtí 2012. Bhuaigh Éirinn an choróin Thriarach ceithre huaire nuair a bhí Brian ina chaptaen.<br><br>Bhí Brian san Astráil le foireann na Leon in 2001. Bhí sé ina chaptaen in 2005 nuair a thug na Leoin cuairt ar an Nua-Shéalainn. Chuaigh sé go dtí an Afraic Theas leo in 2009 agus go dtí an Astráil arís in 2013.<br><br>Phós sé an t-aisteoir clúiteach, Amy Huberman. Tá iníon darb ainm Sadie agus mac darb ainm Billy acu. Tá Brian tar éis éirí as an rugbaí anois. Tá neart ama saor ag Brian anois le caitheamh le Sadie agus le Billy fad is atá Amy ag aisteoireacht. | |

### Ceisteanna

**1.** Cén **dá** spórt a d'imir Brian Ó Drisceoil nuair a bhí sé óg?

**D'imir** ***sé peil ghaelach agus sacar.*** **= [2+2 = 4 mharc]**

**2.** Cad a rinne Brian den chéad uair in 1999?

***Thosaigh sé ag imirt le foireann idirnáisiúnta rugbaí na hÉireann.*** **= [4 mharc]**

**3.** Ainmnigh **dhá** thír ar thug Brian cuairt orthu leis na Leoin.

***Astráil/Nua-Shéalainn/Afraic Theas*** **. = [2+2 = 4 mharc]**

**4.** Cad is ainm do pháistí Bhrian?

***Sadie agus Billy*****. = [2+1 = 3 mharc]**

15

## CEIST 5 (15 mharc)

n litir seo agus freagair na ceisteanna as **Gaeilge** nó as **Béarla.**

Bóthar na Trá,
Droichead Átha.
22 Bealtaine 2015

An Bainisteoir,
Ollmhargadh Tesco,
Droichead Átha,
Co Lú.

A chara,
Tá mé ocht mbliana déag d'aois. Tá mé ag freastal ar Choláiste Mhuire, Droichead Átha. Déanfaidh mé an Ardteistiméireacht Fheidhmeach in 2015. Ba mhaith liom post samhraidh a fháil i d'ollmhargadh. Chuala mé an fógra ar an raidió áitiúil. Tá taithí agam ar obair i siopa.

Seol chugam foirm iarratais don phost, le do thoil.

Is mise le meas,

Criostóir Ó Néill.

### Ceisteanna

**1.** Cén seoladh atá ag Criostóir Ó Néill?

***Bóthar na Trá, Droichead Átha.*** **= [2+2 = 4 mharc]**

**2.** Cathain a scríobh Criostóir an litir?

***<u>22 Bealtaine 2015</u>.*** **= [4 mharc]**

**3.** Cén scrúdú a dhéanfaidh Criostóir in 2015?

***An Ardteistiméireacht Fheidhmeach.*** **= [4 mharc]**

**4.** Cár chuala Criostóir an fógra?

***Chuala Criostóir an fógra <u>ar an raidió</u>.*** **= [3 mharc]**

# Roinn 3 – **Scríobh na Teanga** [30 marc]

Le freagairt **i nGaeilge amháin**.
This section **must** be answered in **Irish**.

## **CEIST 6** (15 mharc)

Bhí tú ag **dioscó** *nó* ag **dráma**.
Scríobh cuntas **i nGaeilge** faoin gcluiche peile *nó* faoin scannán.

Write in **Irish** about a **disco** *or* a **drama** that you attended.
Scríobh rud éigin faoi na pointí seo i do chuntas:

- An lá agus an t-am
- An áit
- cé a chuaigh leat
- Rud éigin a tharla.

**Ábhar = 4 phointe = [2 mharc x 4] = [8 marc]**
**Gaeilge = [7 marc]**

**Ábhar = 8**
**<u>Gaeilge = 7</u>**
**[Iomlán = 15]**

**15**

## **CEIST 7** (15 mharc)

r saoire sa Fhrainc.

Scríobh cárta poist **i nGaeilge** chuig cara leat ag insint dó/di faoin tsaoire.

Scríobh rud éigin faoi na pointí seo:

- An áit
- An aimsir
- Caitheamh aimsire
- Cé atá in éineacht leat
- Cathain a bheidh tú ar ais sa bhaile.

| | |
|---|---|
| **Ábhar = [6 mharc]**<br>3 Phointe Eolais = 6 mharc (2 mharc x 3 phointe)<br>**Gaeilge = [7 marc]** | **Foirmlí:**<br><br>**Ainm agus Sloinne = [1 marc]**<br>**Seoladh = [1 marc]** |

**Foirmle = 2**
**Ábhar = 6**
**<u>Gaeilge = 7</u>**
**[Iomlán = 15**]

| **Don scrúdaitheoir**<br>Iomlán reatha → | + | = | |
|---|---|---|---|



**THALL →**

45

# Roinn 4 – **Taighde** [45 marc]

**This section may be answered in Irish *or* in English.**

**1.** Name a topic you researched as part of **Gaeilge Chumarsáideach**.

**[0 - 2 - 4]**

______________________________________________________________

______________________________________________________________(4 mharc)

**2.** **Where** did you get your information?

***(a)*** ______________________________________________________

**[3 - 2 - 0]**

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

***(b)*** ______________________________________________________

**[3 - 2 - 0]**

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

***(c)*** ______________________________________________________

**[3 - 2 - 0]**

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________(9 marc)

**3.** What did you learn **about the topic you researched?**

***(a)*** ______________________________________________
**[8 - 4 - 0]**

***(b)*** ______________________________________________
**[8 - 4 - 0]**

***(c)*** ______________________________________________
**[8 - 4 - 0]**

***(d)*** ______________________________________________
**[8 - 4 - 0]**

(32 marc)

## CEIST 1

**Píosa a hAon**
Chuaigh Tomás agus Áine chuig bialann Dé Sathairn. D'ith siad sicín agus sceallóga. D'ól siad oráiste. Bhí an béile go deas.

**Píosa a Dó**
Chuaigh Séan agus Máire go dtí an amharclann oíche Dé Luain. Chonaic siad an dráma 'The Playboy of the Western World'. Chríochnaigh an dráma ar a deich a chlog.

**Píosa a Trí**
Beidh ceolchoirm mhór ar siúl i Staid Aviva i Mí Iúil. Beidh a lán bannaí ceoil ag seinm ann. Cosnóidh na ticéid caoga euro.

## CEIST 2

Róisín Ní Shé is ainm dom. Tá mé seacht mbliana déag d'aois. Tá mé i mo chónaí in uimhir a dó Sráid Liam, Luimneach. Is í an uimhir theileafóin atá agam ná 086-246 327. Is maith liom eitpheil agus rothaíocht.

## CEIST 3

### COMHRÁ 1

**Pól:** Cad a rinne tú oíche Dé Sathairn, a Áine?

**Áine:** Chuaigh mé chuig cóisir, a Phóil.

**Pól:** Cá raibh an chóisir ar siúl, a Áine?

**Áine:** San óstán. Bhí mo chara Bríd sé bliana déag d'aois.

**Pól:** Cén t-am a thosaigh an chóisir?

**Áine:** Ar a hocht a chlog.

**Pól:** An raibh an chóisir go maith?

**Áine:** Bhí. Bhí sí go hiontach. Bhí mé ag damhsa an oíche ar fad.

**Pól:** Conas a tháinig tú abhaile?

**Áine:** Tháinig mé féin agus mo chara abhaile i dtacsaí.

**COMHRÁ 2**

**Aisling:** Cad a rinne tú Dé Domhnaigh, a Phádraig?

**Pádraig:** Chuaigh mé chuig cluiche iománaíochta, a Aisling.

**Aisling:** Cá raibh an cluiche ar siúl, a Phádraig?

**Pádraig:** I bPáirc an Chrócaigh.

**Aisling:** Conas a chuaigh tú go dtí an cluiche?

**Pádraig:** Ar an bhus.

**Aisling:** Cé a bhí ag imirt?

**Pádraig:** Baile Átha Cliath agus Tiobraid Árann a bhí ag imirt.

**Aisling:** Cé mhéad a chosain an ticéad?

**Pádraig:** Deich euro.

**Aisling:** An raibh an cluiche go maith?

**COMHRÁ 3**

**Peadar:** Dia duit, a Mháire. Ní fhaca mé tú le cúpla seachtain.

**Máire:** Bhí mé ar laethanta saoire thar lear.

**Peadar:** Cá raibh tú ar saoire?

**Máire:** Bhí mé sa Fhrainc.

**Peadar:** Cá fhad a chaith tú sa Fhrainc?

**Máire:** Bhí mé sa Fhrainc ar feadh coicíse.

**Peadar:** Cá raibh tú ag fanacht?

**Máire:** Bhí mé ag fanacht in óstán mór.

**Peadar:** Cad iad na háiseanna a bhí san óstán?

**Máire:** Bhí seomra cluichí agus bialann san óstán.

**COMHRÁ 4**

**Séamus:** Ar chuala tú cad a tharla do Sheán tráthnóna inné, a Úna?

**Úna:** Níor chuala. Cad a tharla dó?

**Séamus:** Bhuail carr é, agus é ag siúl abhaile ón scoil.

**Úna:** An bhfuil Seán gortaithe go dona?

**Séamus:** Tá a chos briste agus beidh sé san ospidéal ar feadh tamaill.

**Úna:** Ar chuir aon duine fios ar na Gardaí?

**Séamus:** Chuir. Tháinig na Gardaí agus an t-otharcharr go dtí an timpiste.

Tógadh Seán go dtí an t-ospidéal san otharcharr.

**Úna:** An raibh an tiománaí gortaithe?

**Séamus:** Ní raibh, ach bhí brón mór ar an tiománaí.

**Úna:** Tá súil agam go mbeidh Seán ceart go leor.

**Oiriúntais Réasúnta**

Tá roinnt leasuithe ar an Scéim Mharcála i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh agus a bhfuil réiltéiní in aice lena gcuid scrúduimhreacha ar na Leatháin Mharcála.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:
1) Iarrthóirí a bhfuil cealú ceadaithe dóibh maidir le litriú agus gramadach. Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.
2) Iarrthóirí a d’úsáid: scríobhaí, téipthaifeadán, próiseálaí focal nó ríomhaire.

Cuirtear scéim mhodhnaithe i bhfeidhm maidir le litriú agus cruinneas gramadaí sna freagraí ar na ceisteanna a bhfuil a leithéid i gceist iontu. m.s. Roinn III Ceapadóireacht: C.6, agus C.7. Ní chuirtear aon phionós ar ‘drochlitriú’ ná ‘ar easpa cruinneas gramadaí’ i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Chluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhthuiscint.
I gcás aon iarrthóra a bhfuil oiriúntais réasúnta faofa dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a mharcáil sa ghnáthshlí d’réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas sna freagraí ar cheisteanna 6 agus 7 agus tugtar luacháil chéimithe don iarrthóir ansin. Féach thíos.
Luacháil chéimithe don iarrthóir a bhfuil Oiriúntas Réasúnta faofa dó:

Ceist 6
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 1>2 – cruinneas + 0 mharc
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 3>5 – cruinneas + 1 mharc.
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 6>7 – cruinneas = 7 marc.

Ceist 7
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 1>2 – cruinneas + 0 mharc.
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 3>5 – cruinneas + 1 mharc.
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 6>7 – cruinneas = 7 marc.

Ní mór an cealú seo a thaispeáint ar an bfreagarleabhar, taobh istigh agus ar an gclúdach, taobh amuigh.
m.s. G (OR) = 1